# Téama: Fuinneamh

## Foghlaimígí faoin Téamh


### Gníomhartha agus Iniúchadh ar an Téamh

*Oiriúnach don iar-bhunscoil*

Green-Schools
An Taisce

Bíonn a gcuid gníomhartha féin ag scoileanna chun éifeachtúlacht fuinnimh a bhaint amach mar gheall ar na hamanna a bhíonn siad ar oscailt agus mar gheall ar an gcaoi a n-úsáideann siad fuinneamh. Go hiondúil, caitear 60-70% den fhuinneamh ar scoil ar an téamh agus 30-40% de ar leictreachas (soilse agus trealamh). Ar an dea-uair, is féidir gníomhartha simplí a dhéanamh chun airgead a shábháil agus chun an fuinneamh a úsáidtear ar scoil a laghdú ag an am céanna, gan cur isteach ar an gcompord. Tá costas íseal ag baint le go leor de na gníomhartha seo chun éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú agus airgead a shábháil, agus tá cuid acu saor in aisce fiú. Caitear 60-70% den fhuinneamh ar scoil ar an téamh. De ghnáth tagann an téamh ó choire-theach trí na radaitheoirí. I bhfoirgnimh réamhdhéanta, is féidir taiscthéitheoirí nó téitheoirí comhiompair leictreacha a úsáid freisin.

**Úsáid Fuinnimh ar Scoil**




**Gníomhartha saor in aisce**

Faighigí amach ón bpríomhoide nó ón mbord bainistíochta má tá plean ag an scoil chun fuinneamh a bhainistiú. Má tá plean agaibh chun fuinneamh a bhainistiú beidh sibh in ann spriocanna le haghaidh ídiú fuinnimh a leagan amach agus figiúirí nua a chur i gcomparáid le seanchinn. Is féidir le daltaí a bheith páirteach trí fheasacht ar an bhfuinneamh a chur chun cinn agus trí shúil a choinneáil ar an Téamh ar scoil.

- Coinnígí súil ghéar ar an mbreosla a úsáidtear ar scoil. Má tá gás nádúrtha agaibh, léigí an méadar gáis gach mí.
- Déanaigí taifead den bhreosla a úsáidtear ar scarbhileog.
- Dúnaigí na doirse agus na fuinneoga. Bígí cinnte na fuinneoga agus na dallóga ar fad a dhúnadh ag deireadh gach lae scoile chun an teas a choinneáil san fhoirgneamh go dtí an chéad lá scoile eile. Tá sé seo thar a bheith tábhachtach roimh an deireadh seachtaine agus roimh laethanta saoire. Ba cheart go mbeadh duine éigin freagrach as na fuinneoga a dhúnadh i ngach seomra. Féadfaidh sibh ionadaí a cheapadh do na daltaí i ngach rang.
- Seiceálaigí gach fuinneog agus gach doras lena fháil amach má tá siorradh isteach ann. Má thagann sibh ar shiorradh isteach iarraigí ar bhur dtuismitheoirí nó bhur múinteoirí é a bhacadh nó déanaigí bac siorraidh sibh féin as seanéadaí!
- Faighigí amach an bhfuil teirmeastait ar scoil? Má tá, an bhfuil siad ag oibriú i gceart? Ba cheart iad a shocrú ag 18 gcéim.

# Téama: Fuinneamh
## Foghlaimígí faoin Téamh

- Má tá comhlaí radaitheora teirmeastatacha (*thermostatic radiator valves*, nó *TRVs*, as Béarla), ná casaigí air/as iad. Socraígí iad ar mheánleibhéal agus má bhíonn sibh róthe nó rófhuar ná bogaigí iad ach beagáinín. Ná casaigí an TRV as nó beidh an seomra fuar an mhaidin dár gcionn. Níl sé praiticiúil iarraidh ar an bhfeighlí scoile siúl timpeall na scoile gach lá ag féachaint ar na TRVanna sna hoifigí.
- Má bhíonn barr an radaitheora fuar i gcónaí is dócha go bhfuil sé bactha le haer. Tá sé éasca an t-aer a ligean amach as. Ba cheart go mbeadh na daltaí in ann é seo a dhéanamh faoi mhaoirseacht an fheighlí scoile. Beidh sibh in ann eochair a cheannach chun an t-aer a ligean as radaitheoirí ag siopa pluiméireachta. Cuireann tú an eochair isteach sa chomhla ag barr an radaitheora.
- Íslígí an teocht sna radaitheoirí ar na dorchlaí agus sna leithris nó socraígí na teirmeastait sna háiteanna sin ar theocht níos ísle ná an teocht sna seomraí ranga. Ní bhíonn daoine sna háiteanna sin ach ó am go chéile agus mar sin is féidir an teocht a ísliú gan cur isteach ar an gcompord. Coinnígí súil ar bhillí breosla chun an laghdú a thabhairt faoi deara.
- Íslígí an Teocht! Má íslíonn sibh an teirmeastat 1°C féadfaidh sibh 10% a shábháil sna billí téimh. Molann an Roinn Oideachais 18 gcéim agus níor cheart ligean don teocht titim faoi 16 chéim riamh.

Déanaigí mapáil ar an teas ar scoil lena fháil amach faoi chaillteanas teasa agus chun teacht ar na háiteanna is teo agus is fuaire atá ann. Féachaigí ar na bileoga oibre atá ceangailte leis seo lena fháil amach conas an mhapáil a dhéanamh agus cuirigí na torthaí ar taispeáint ar chlár fógraí na Scoileanna Glasa. D'fhéadfadh sibh na seomraí ranga a chur i gcomparáid le chéile lena fháil amach cén seomra is éifeachtúla ó thaobh teasa de.

Tá Brathadóir Sceite Theirmigh (nó *Thermal Leak Detector* as Béarla) mar chuid den trealamh saotharlainne atá ag meánscoileanna áirithe. Is féidir an brathadóir seo a úsáid chun an teocht a thomhas in áiteanna éagsúla i seomra. Nó is féidir teirmiméadar digiteach a úsáid chun taifead a dhéanamh den teocht i seomra – tá aipeanna ar fáil leis seo a dhéanamh freisin.







# Téama: Fuinneamh
## Suirbhé ar an Téamh

*Oiriúnach do gach Dalta*

Green-Schools
An Taisce

**Aidhm:** Níos mó a fhoghlaim faoi na soilse ar scoil – na cineálacha soilse atá ann, conas a oibríonn siad, agus má chastar as iad nuair nach mbíonn siad ag teastáil.

**Féadann na soilse ar scoil** a bheith mar chúis le suas le 30%-40% den chostas fuinnimh. Sula ndéanfaidh sibh aon ghníomhartha maidir leis na soilse ar scoil, ba cheart daoibh athbhreithniú a dhéanamh orthu. Tá gníomhartha simplí ann chun an costas a laghdú, feachtais "Cas as iad!" san áireamh.




Is bealach iontach é suirbhé ar na soilse lena fháil amach cé mhéad de na soilse atá as dáta, cé mhéad acu a chastar air/as le braiteoir agus cé mhéad acu a fhágtar ar siúl nuair nach mbíonn siad ag teastáil (rudaí a chuireann leis an méid fuinnimh a úsáidtear ar scoil). Tá sé seo mar chuid de Chéim 2 den Athbhreithniú Comhshaoil..

Beidh sibh in ann na torthaí ón suirbhé ar na soilse a úsáid lena fháil amach conas is féidir libh fuinneamh a shábháil ar scoil trí na soilse a chasadh as nuair nach mbíonn siad ag teastáil nó trí shoilse nua a fháil fiú in ionad soilse atá as dáta. Tá sé seo mar chuid de Chéim 3 den Athbhreithniú Comhshaoil.

Tá nasc idir seo agus an Obair Churaclaim ag Céim 5 – Eolaíocht, Teicneolaíocht, Innealtóireacht agus Matamaitic (ETIM), an Ealaín, an Tíreolaíocht agus an Teicneolaíocht Faisnéise (TF) a úsáid chun graif agus léaráidí a chruthú leis na torthaí ón iniúchadh a léiriú.

Bainigí úsáid as an mbileog ghníomhaíochta atá ceangailte leis seo chun na soilse ar fad sa scoil a aithint. Ná déanaigí dearmad ar na seomraí nach n-úsáideann na daltaí de ghnáth, an seomra foirne mar shampla, ach bígí cinnte cead a fháil ar dtús. Tá braiteoirí ag cuid de na soilse is nuaí atá ann chun fuinneamh a shábháil agus úsáideann siad bolgáin solais níos éifeachtúla a mhaireann i bhfad níos faide. Más mian libh tuilleadh a dhéanamh, d'fhéadfadh sibh foghlaim faoin vatacht agus faoi rátáil bolgán solais ar líne. In Éirinn, chun bolgán solais a roghnú, caithfidh tú tuiscint a bheith agat ar an vatacht (ídiú fuinnimh), na lúmain (gile), agus lipéad fuinnimh an AE (éifeachtúlacht).
Faigh amach níos mó faoi lipéad fuinnimh an AE le hÚdarás Fuinnimh Inmharthana na hÉireann.www.seai.ie/blog/label-help-shopping.

# Téama: Fuinneamh

## Foghlaimígí faoin Téamh

### Gníomhartha agus Iniúchadh ar an Téamh

Oiriúnach don iar-bhunscoil

Green-Schools
An Taisce

Brathadóir Sceite Theirmigh (nó *Thermal Leak Detector* as Béarla)



Meastar go n-úsáidtear 60-70% den fhuinneamh ar scoil don téamh. Má aimsíonn sibh siorradh aeir agus má chuireann sibh bac leis beidh sibh in ann an teas agus an compord ar scoil a fheabhsú ar bheagán costais. Is minic a thagann aer fuar isteach in aice leis na fuinneoga, in aice leis na píobáin san urlár agus sna ballaí, faoi na cláir sciorta nó timpeall na ndoirse.

Má aimsíonn sibh aer fuar ag teacht isteach tá a lán bealaí ann inar féidir libh bac a chur leis an siorradh agus an teas a choinneáil istigh. Ar an gcaoi chéanna, má aimsíonn sibh áiteanna teo, píobáin neamhinslithe ina bhfuil uisce te mar shampla, beidh sibh in ann iad a insliú chun an teas a choinneáil istigh.

Conas Brathadóir Sceite Theirmigh a úsáid

Féachaigí ar an solas ar an mBrathadóir Sceite Theirmigh; athraíonn dath an tsolais nuair a bhraitheann sé aer fuar nó aer te. Má tá siorradh isteach ann beidh aer fuar ag teacht isteach agus beidh níos mó fuinnimh ag teastáil chun an seomra a théamh. Beidh na billí níos airde ná mar is gá dá bharr sin.

Tá Fearais Fuinnimh Baile ar fáil i leabharlanna áitiúla, Brathadóirí Sceite Theirmigh san áireamh – féach anseo: thinkenergy.ie/energy-saving-kit/find-a-kit/

Agus is féidir leat tuilleadh eolais a fháil anseo: @ thinkenergy.ie/energy-saving-kit/whats-in-the-kit/thermal-leak-detector/

# Téama: Fuinneamh
## Foghlaimígí faoin Téamh
### Gníomhartha agus Iniúchadh ar an Téamh

*Oiriúnach don iar-bhunscoil*

Green-Schools

An Taisce

#### Méadar Teochta agus Bogthaise




Meastar go n-úsáidtear 60-70% den fhuinneamh ar scoil don téamh. Braitheann an leibhéal compoird ar scoil go mór ar cé acu atá sé te agus tirim nó fuar agus tais. Má sheiceálann sibh an teocht agus an bhogthaise (cé mhéad gal uisce atá san aer) i ngach seomra beidh sibh in ann an téamh nó an aeráil – nó an dá rud – a athrú más gá.

Cuirigí an méadar teochta agus bogthaise in áiteanna éagsúla i ngach seomra ag amanna éagsúla lena fháil amach má tá siad róthe nó rófhuar, róthirim nó róthais. Bíonn aer úr ag teastáil le haghaidh timpeallacht scoile shláintiúil agus tá sé an-tábhachtach aer úr a ligean isteach agus aer tais leamh a ligean amach (ach an teas a choinneáil istigh a oiread agus is féidir).

#### Conas an méadar teochta agus bogthaise a úsáid

Chun na leibhéil sa seomra ranga a sheiceáil, níl le déanamh ach an méadar a chasadh air agus é a chur ar dhromchla cothrom nach bhfuil téite. Bheadh bord, leac fuinneoige nó seilf leabhar oiriúnach. I seomraí ranga bíonn teocht idir 18 gcéim agus 20 céim foirfe agus níor cheart go mbeadh sí níos lú ná 16 chéim. Ba cheart go mbeadh an bhogthaise idir 40% agus 60%

Tá Fearais Fuinnimh Baile ar fáil i leabharlanna áitiúla, Méadair Theochta agus Bhogthaise san áireamh – féach anseo: thinkenergy.ie/energy-saving-kit/find-a-kit/


Agus is féidir libh tuilleadh eolais a fháil anseo: thinkenergy.ie/energy-saving-kit/whats-in-the-kit/temperature-and-humidity-meter/

# Téama: Fuinneamh


## Foghlaimígí faoin Téamh

*Mapa Samplach de Sheomra Ranga*


Léirígí na háiteanna is teo agus is fuaire sa seomra ar an mapa.




Úsáidtear mapa córaipleiteach (nó *choroplethic map* sa Bhéarla) chun rudaí a bhfuil na tréithe céanna acu (e.g. na luachanna céanna) a thaispeáint. Is minic a úsáidtear é chun éagsúlachtaí (dlús daonra, mar shampla) a thaispeáint i réigiúin áirithe sa tíreolaíocht, ar nós tíortha agus contaetha fiú, agus is féidir é a úsáid nuair atá tú ag iarraidh spás a roinnt ina limistéir éagsúla freisin, bunaithe ar shraith luachanna.




Taispeántar limistéir, nó áiteanna, a bhfuil na tréithe céanna acu ar mhapa córaipleiteach.



- Tarraingígí greille ar mhapa den seomra atá roghnaithe agaibh.
- Tarraingígí rudaí suntasacha sa seomra ar an mapa ionas go mbeidh sé níos éasca é a léamh.
- Scríobhaigí na sonraí/an t-eolas atá ag teastáil ar an ngreille. Sa chás seo, scríobhfaidh sibh na teochtaí a bheidh tomhaiste agaibh.
- Smaoinígí ar 3 raon ar a laghad. Beidh dath éagsúil ag gach raon.
- Déanaigí mapa den seomra agus cuirigí na torthaí ar taispeáint ar chlár fógraí na scoileanna glasa.



Féadfaidh sibh Brathadóir Sceite Theirmigh a úsáid chun an teocht a thomhas in áiteanna éagsúla timpeall an tseomra.



# Téama: Fuinneamh
## Foghlaimígí faoin Téamh

*Mapa Samplach de Sheomra Ranga*

Green-Schools
An Taisce

Léirígí na háiteanna is teo agus is fuaire sa seomra ar an mapa.

